

Eleathanach245

Dé Luain 7 Samhain 2016

Rugbaí: bua mór ag Éirinn

Bhí foireann na hÉireann ag imirt rugbaí i gcoinne na Nua-Shéalainne ag an deireadh seachtaine. Tugtar na *All Blacks* ar fhoireann na Nua-Shéalainne toisc go gcaitheann siad éadaí dubha agus iad ag imirt rugbaí.

Is í foireann na Nua-Shéalainne an fhoireann rugbaí is fearr ar domhan. Níor chaill siad cluiche le fada, ach nuair a bhuaíl siad le foireann na hÉireann ag an deireadh seachtaine tháinig deireadh leis sin!

Bhí an cluiche ar siúl i *Chicago* agus ag leath-am bhí Éire chun tosaigh. Cheap daoine nach mbeadh Éire in ann fanacht chun tosaigh toisc nár chaill an Nua-Shéalainn cluiche le fada. In 2013 bhí Éire chun tosaigh ag leath-am ach chaill siad an cluiche. Dé Sathairn d'éirigh leo agus chríochnaigh an cluiche leis an scór: Éire 40, An Nua-Shéalainn 29.

Bhí áthas an domhain ar na himreoirí agus lucht tacaíochta na hÉireann. Is eachtra stairiúil í mar níor bhuaigh Éire i gcoinne na Nua-Shéalainne riamh roimhe.



Toghchán chun uachtarán a roghnú i Meiriceá

Dé Máirt beidh deis ag daoine i Meiriceá vóta a chaitheamh sa toghchán chun Uachtarán a roghnú. Faoi láthair is é Barack Obama an tUachtarán.

Tá Hillary Clinton agus Donald Trump san iomaíocht don phost agus iad i bhfad chun tosaigh ar na hiomaitheoirí eile. Níl aon duine cinnte cé acu a bheidh an bua.

Ní raibh bean sa phost mar Uachtarán i Meiriceá riamh roimhe, ach má tá an bua ag Hillary Clinton tiocfaidh athrú air sin. Glacfaidh an tUachtarán nua an post go hoifigiúil ar 20 Eanáir 2017.



Gradam Réics Carló

Gach dara bliain bíonn comórtas ann d'fhoilsitheoirí leabhar Gaeilge. Tugtar Gradam Réics Carló ar an duais. I mbliana roghnaíodh cúig leabhar don ghearrliosta:

Lá leis na Lochlannaigh le Máire Zepf, foilsithe ag Cois Life,
Hata Zú Mhamó le hÁine Ní Ghlinn, foilsithe ag Cois Life,
Trixie agus Tony: An Madra Mistéireach le Patricia Mac Eoin, foilsithe ag Futa Fata,
Ná Gabh ar Scoil le Máire Zepf, foilsithe ag Futa Fata agus,
Éalú as an Lios le hAoife Ní Dhufaigh, foilsithe ag Leabhar Breac.

Ag an Oireachtas ag an deireadh seachtaine fógraíodh an buaiteoir: *Hata Zú Mhamó* a scríobh Áine Ní Ghlinn. Tá an scéal seo faoi Mhamó agus a hata spéisiúil le cloisteáil ag <https://soundcloud.com/cois-life-teoranta/sets/hata-zu-mhamo>

